

Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg:
dán do Thadhg Mac Con Mara (†1678)



Ciara Ní Mhurchú

Celtica 37 (2025), 276–303

DOI: 10.58480/SCS-8swuy-rggam

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.

This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

BUAINE IONÁ A AOIS IOMRÁDH TAIDHG:
DÁN DO THADHG MAC CON MARA (†1678)*

ACHOIMRE

This poem, *Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg*, was composed in the first half of the seventeenth century by Somhairle Mac an Bhaird for Tadhg (son of Domhnall Riabhach) Mac Con Mara of County Clare. Tadhg became a ward of the Earl of Thomond in 1609 following the death of his father in 1607. He was an active participant in the rebellion of 1641. In this praise poem, Tadhg is celebrated for coming to the fore at an opportune time. In an apologue, Tadhg is likened to Cú Chulainn taking arms for the first time. This is one of two surviving poems for Tadhg. The other, beginning *Rug cabhair ar Chloinn gCoiléin*, was composed by Maol Muire Ó Móirín. Diplomatic editions of both poems have already been published in *ABM* (poems 75 and 405). *Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg* is edited here from Maynooth manuscript CF 23 with readings from Royal Irish Academy manuscript 23 H 25 (710).

AN PÁTRÚN

CUMADH AN DÁN SEO do Thadhg Mac Con Mara as Contae an Chláir sa gcéad leath den seachtú haois déag. Mac le Domhnall Riabhach (†1607) mac Domhnaill Riabhaigh (†1592) Mhic Con Mara agus Áine Ní Bhriain (†1665/6), iníon le Toirdhealbhadh Carrach mac Toirdhealbhaigh Uí Bhriain Ára, ab ea Tadhg (Pender 1951: §2003; agus LS LNÉ GO 155, lch 44).¹ Luaitear a mháthair Áine sa dán seo i línte 9a agus 40b, agus a athair i líne 29a.

Sa gceathrú haois déag, roinneadh fearann Mhic Con Mara ina dhá chuid, Clann Chuiléin Thoir agus Clann Chuiléin Thiar (Macnamara 1896: 138; *HDGP* fasc. 5, 23–5). Ba le Mac Con Mara Fionn an taobh thiar, agus le Mac Con Mara Riabhach an taobh thoir. Maireann dhá dhán ó ré fhilíocht na scol a cumadh do bhrainse Mhic Con Mara Fhinn. Chum Eóghan Mac Craith ceann acu, *Coin airdfhiadhaigh Clann Choiléin* do Lochlainn Óg Mac Con Mara sa gceathrú haois déag (féach McInerney 2014). Chum Domhnall Ó Maoil Chonaire *Créd fã seachnaim Síol Aodha?* do Sheaán Mac Con Mara sa séú haois déag (féach McInerney 2010). Ní mhaireann do mhuintir Mhic Con Mara Riabhaigh ach an dá dhán do Thadhg mac Domhnaill Riabhaigh: an dán atá in eagar san alt seo, agus *Rug cabhair ar Chloinn gCoiléin* le Maol Muire Ó Móirín.

*Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hEoin Mac Cárthaigh, Deirdre Nic Chárthaigh, an léitheoir anaithnid agus eagarthóirí *Celtica* as moltaí iomadúla agus as ceartúcháin éagsúla. Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad.

¹Ar theaghlach Uí Bhriain Ára (Tiobraid Árann), féach O'Brien (1949: 182).

Is i mbarúntacht na Tuláí Uachtaraí is mó a bhí talamh ag sinsir Thaidhg. Bhí caisleáin ag a sheanathair, Domhnall Riabhach Mac Con Mara, i Ros Láithrigh, sa bhFeartán Mór, sa nGarbhrach, sa Liathghort agus in áiteanna eile, iad ar fad suite sa mbarúntacht sin. Bhí an Domhnall seo ina shirriam agus tugadh coimisiún dó chun dlí míleata a fheidhmiú le linn a shirriamachta sa mbliain 1577 (Westropp 1890: 69, agus *Fiants*, 394). Mór Ní Bhriain ab ainm dá sheanmháthair ar an taobh sin.² Fuair Domhnall agus Mór pardún ón mBanríon Éilís I sa mbliain 1582 (*Fiants*, 527). Fuair Domhnall bás i mí Feabhra 1592 de réir na gCeithre Máistrí (*AFM* 1592.3). Deirtear i bhfiosrúchán a rinneadh in Inis i mí an Mhárta 1592 go raibh a mhac seisean, Domhnall Riabhach (athair Thaidhg), dhá bhliain déag d'aois nuair a bhásaigh sé agus go raibh sé ina oidhre ar thalamh a athar – caisleán agus talamh thúrtheach Fheartáin, mar shampla, agus neart eile.³

Is léir gur chuir tuismitheoirí Thaidhg, ‘Daniel Oge Reagh MacNamara of Fortanemore’ (An Feartán Mór, barúntacht na Tuláí Uachtaraí) agus ‘Aney MacNamara’ nó ‘Aney O’Brien’, cuid mhaith dá dtalamh i mbarúntacht na Tuláí faoi mhorgáiste agus gur aistrigh siad cuid de go daoine eile ag tús an seachtú haois déag (Frost 1893: 281–3). Deirtear sa bhfiosrúchán sin ón mbliain 1608 go bhfuair athair Thaidhg bás i mí na Nollag 1607 agus go raibh Tadhg, a oidhre, sé bliana is trí mhí d’aois tráth a bháis, ráiteas a thugann le fios gur rugadh Tadhg sa mbliain 1601.⁴ I bhfiosrúchán eile, ó mhí Dheireadh Fómhair 1614, ina ndéantar cur síos ar na tailte ar fad a bhí ag athair Thaidhg, deirtear go raibh Tadhg cúig bliana d’aois nuair a bhásaigh a athair.⁵

Toisc go raibh Tadhg faoi aois nuair a fuair a athair bás, de réir pholasaí bardachta na ríochta, ghlacfadh an rí lena bhgardacht ar dtús, agus ansin leagfaí an dualgas sin ar chaomhnóir a dhéanfadh socrú leis an rí trí fhíneáil agus cíos a íoc ar son na bardachta sin.⁶ Tá tagairt do Thaidhg i gcaileandar na

²Iníon le Donnchadh Ó Briain (†1553), dara hIarla Thuamhan, agus lena bhean, ‘Elana’ (Helen Butler, †1597), ab ea í de réir LS LNÉ GO 155 (‘O’Ferrall’s Linea Antiqua’ 1709, lch. 44; ar líne: <https://catalogue.nli.ie/Record/vtls000530178>. Ceadaíodh 5 Feabhra 2025). Tá Helen Butler curtha lena tuismitheoirí, Pierce Butler (†1539, 8ú hIarla Urumhan) agus Margaret Fitzgerald (†1542), in Ardeaglais Naomh Cainneach i gcathair Chill Chainnigh.

³ARÉ OS EI/09/15, ‘Inquisition Post Mortem, Donogh Reagh, taken at Ennis on 31 March 1592’, ar líne: Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann www.virtualtreasury.ie/item/RIA-OS-EI-09-15 (ceadaíodh 19 Samhain 2024). Tá an fiosrúchán aistrithe go Béarla ón Laidin in Frost (1893: 273).

⁴ARÉ OS EI/09/32, ‘Inquisition Post Mortem, Donal Reagh Oge McNemara, taken at Quin Abbey on 19 April 1608’, ar líne: Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann www.virtualtreasury.ie/item/RIA-OS-EI-09-32 (ceadaíodh 19 Samhain 2024).

⁵ARÉ OS EI/09/47, ‘Inquisition Post Mortem, Daniel Reagh McNemara, taken at Ennis on 21 October 1614’, ar líne: Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann www.virtualtreasury.ie/item/RIA-OS-EI-09-47 (ceadaíodh 26 Samhain 2024). Rugadh Tadhg sa tréimhse 1602–3, de réir LS LB Add. 39270, ginealach XVI. Cnuasach de ghinealaigh theaghlaigh Chontae an Chláir a rinne Robert William Twigge (†1915) is ea LS LB Add. 39270. Tá an fiosrúchán a luaitear thuas aistrithe go Béarla ag Twigge i LS LB Add. 39264.

⁶‘If the heir was a minor, the king assumed the wardship of his body and of his lands till he came of age... Minors were committed to guardians who paid a fine for the wardship and entered a recognisance to pay a rent and observe the conditions of wardship laid down by the court. When the heir came of age, he had to sue his livery and take the oath of supremacy’ (Treadwell 1960: 2–3).

bpáipéar stáit (1608–10) maidir leis an bhfíneáil a d'íoc Donnchadh Ó Briain, Iarla Thuamhan, sa mbliain 1609 ar son bhardacht Thaidhg:

VICE-TREASURER'S ACCOUNT, for half a year ending at Easter 1609.

Receipt of the rents, revenues, and casualties received by Sir Thomas Ridgeway, Knight, Vice-Treasurer and Receiver General of the kingdom aforesaid, for the space of one half year, ended at the feast of Easter, in the 7th year of the reign of King James I., and in the year of our Lord 1609; viz.: 8 April 1609...

From Donat, Earl of Thomond, as a fine for the wardship of the body and lands of Teig Mc Donell Reagh McNemarra, late of Garrowragh, in the county of Clare, deceased, at 20s. per annum, granted to the said Donat by the King's letters patent, 100s.

(Russell and Prendergast 1874: 577)

I gcúistiúnacht ón mbliain 1610, deirtear go raibh daoine áirithe tar éis cuid de thalamh Thaidhg a ghabháil, fad is a bhí Tadhg ina mhionaois, a sheanmháthair 'Lady More MacNamara' ina measc (Frost 1893: 285).

Phós Tadhg Margaret Delahoyde, an chéad pháiste le Rowland Delahoyde (†1640) agus Úna Nic Fhlannchadha (*Clanchy*).⁷ Féach O'Mollony (1671: 130): 'Margarita Dela Haid, Rolandi primogenita, maritum accepit, Illustrissimum Dominum Thadaeum, Baronem Mac Namara Riegh'. Sean-Ghall Caitliceach ab ea Rowland Delahoyde a tháinig go Contae an Chláir ó Chúige Laighean (Frost 1893: 287). Is léir go raibh Rowland mór leis an Iarla Donnchadh Ó Briain. Thug an tIarla caisleán agus talamh Fhómarla i mbarúntacht na Tuláí Uachtaraí agus roinnt talún eile dó sa mbliain 1623, agus bhí sé ag íoc i bhfad níos lú cíosa ná tionóntaí eile sa gceantar (Frost 1893: 295, agus Breen 2013: 199).⁸

Seans go raibh Tadhg lonnaithe sa túrtheach sa nGarbhrach, i bparóiste na Fiacaile i mbarúntacht na Tuláí Uachtaraí. Deirtear i bhfiosrúcháin ó mhí Aibreáin 1631 gur thug 'Teige, son of Donald MacNamara, of Garruragh' talamh na Leathcheathrún Íochtaráí agus 'Drumcharley' (dhá bhaile fearainn i bparóiste na Fiacaile, i mbarúntacht na Tuláí Uachtaraí) do 'Donogh Mac-Namara of Lecarrow' (Frost 1893: 316).⁹ Sna Leabhair Shuirbhéireachta agus

⁷Féach an iontráil ar bhás Rowland sa mbliain 1640, ina luaitear go bhfuil a iníon Margaret pósta le Tadhg in LS LNÉ GO 72, *Funeral Entries, containing armorial and genealogical notes made by officers of arms concerning deceased persons, with, in some cases, illustrations of their arms and funeral processions (1640–1663)*, iml. 9, lch 275. Féach chomh maith BL LS Add. 39267, fol. 74.

⁸Bhí deartháireacha Margaret gníomhach san éirí amach in 1641. Féach, mar shampla: Teistíocht Phillipp Bygoe, 24 Márta 1643, 1641 Depositions, TCD, MS 830, ff. 132r–133v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=830132r104 (ceadaíodh 2 Deireadh Fómhair 2024); Teistíocht Joseph Cuffe, 1 Meán Fómhair 1653, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 449r–450v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829449r303 (ceadaíodh 2 Deireadh Fómhair 2024); Teistíocht Urias Reade, 12 Bealtaine 1643, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 028r–029v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829028r022 (ceadaíodh 2 Deireadh Fómhair 2024).

⁹Deirtear *Lecarrowbeg* sa bhfiosrúchán, ach glacaim leis go bhfuil sé ag tagairt don Leathcheathrú Íochtarach, atá i mbarúntacht na Tuláí Uachtaraí, seachas don Leathcheathrú Bheag, atá i mbarúntacht na nOileán.

Dháilte luaitear go raibh talamh ag Tadhg sa mbliain 1641 i mbarúntacht Bhun Raite Uachtarach (An Goirtín, Ráth Lúbaigh, Baile Uí Rocháin agus eile) agus i mBarúntacht na Tuláí Uachtaraí (An Fhiacail, An Tulach agus eile), talamh a géilleadh agus a dáileadh ar lonnaitheoirí ar ball (Simington agus Mac Giolla Choille 1967: 141, 144, 13–19, 21, 26, 30).

Sa dán seo, cruthaítear íomhá de Thadhg mar fhear míleata atá ag teacht chun tosaigh ag an am ceart (rann 12–15) agus gríosaíonn an file é le dul chun catha. Leagtar béim ar chúrsaí ama sa dán seo: Deirtear go bhfuil Tadhg ag teacht i láthair *ar séan uaire* (rann 12), go bhfuil *uair a tharbha* tagtha (rann 13), agus gur fearr an t-am seo ná am ar bith eile (rann 15). Maíonn an file go bhfuil scéalta cloiste ag Tadhg faoi streachailt agus faoi chosaint na bhfear (rann 10), agus go mbeidh clú agus cáil Chú Chulainn air agus é ag gabháil arm. Insítear leagan den scéal Rúraíochta atá mar chuid de *Macgníomhartha Con Culainn* sa *Táin* in apalóg sa dán (rann 17–27).¹⁰ Sa scéal seo, cloiseann Cú Chulainn Cathbhaidh draoi ag labhairt faoin gclú buan a bheidh ar ghaiscíoch a ghabhann airm an lá sin (*TBC 1*, línte 398–469, agus *TBC LL*, línte 921–63).¹¹ Beartaíonn Cú Chulainn glacadh leis an dúshlán agus airm a ghabháil ar an lá áirithe seo, cé go bhfuil sé óg agus go bhfuil baol ann go mbeidh saol gearr aige dá bharr. Deir an file gur tháinig Cú Chulainn in inmhe *ar séan uaire* (rann 25).¹²

Is léir ó na tagairtí ar fad do Thadhg Mac Con Mara i gcáipéisí ó thréimhse éirí amach 1641 go ndeachaigh sé sa mbearna bhaoil.

Ag tús an éirí amach i mí na Samhna 1641, cheap Iarla Thuamhan roinnt captaen agus ceannasaithe sa gcontae chun an contae a chosaint, ár dTadhg Mac Con Mara ina measc. In ionad na Protastúnaigh a chosaint, áfach, thosaigh na captaein á n-ionsaí. Níor ionsaíodh an tIarla, áfach, a bhí lonnaithe i gCaisleán Bhun Raite (Wiggins 2001: 74).¹³

I dteistíocht ón mbliain 1643, maíonn John Comyn gur goideadh roinnt earraí uaidh ag deireadh mhí na Samhna 1641 agus ó shin, agus go raibh fiacha dlite dó ag neart daoine, Tadhg ‘mc Donnell Reagh mac Nemara of Trothaghty’ ina measc.¹⁴ Maíonn John Smith gur ghoid ‘Teige mc donell Reagh mc Nemara

¹⁰Féach go bhfuil apalóg faoi Chú Chulainn sa dán eile a cumadh do Thadhg chomh maith: *Rug cabhair ar Chloinn gCoilín* (ABM 405). San apalóg sin, déantar cur síos ar an gCeas Naoidhean a bhí ar na hUltaigh agus ar an gcaoi ar throid Cú Chulainn ina aonar ar a son. Tá sé i gceist agam eagrán den dán sin a fhoilsiú amach anseo freisin.

¹¹Tuairimíonn Patrick K. Ford (1994: 255–61) go léiríonn téama an chló bhuain sa *Táin* cosúlacht leis an meon a fhaightear in eipicí ársa Ind-Eorpacha.

¹²Insítear leagan den scéal seo in apalóg sa dán *Cúich do leandán, a Lámh Óir?* chomh maith (Carney 1945: 18).

¹³Féach chomh maith teistíocht Edmund Manwaring, 8 Eanáir 1643, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 070r–070v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829070r049 (ceadaíodh 7 Lúnasa 2023).

¹⁴Is dócha gur leagan truaillithe é ‘Trothaghty’ de *Tuath Eachtgha*, seanainm ar an gceantar thart ar Shliabh Eachtaí, áit a bhfuil paróiste na Fiacaile, i mbarúntacht na Tuláí Uachtaraí (HDGP fasc. 9, lgh 7–9). Teistíocht John Comyne, 31 Bealtaine 1643, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 101r–102v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829101r060 (ceadaíodh 7 Lúnasa 2023).

of duharta'¹⁵ agus a lucht leanúna 'eight hundred & all sheepe' uaidh ar an 1 Feabhra 1642.¹⁶

I mí na Nollag 1641, go gairid tar éis thús an éirí amach, theith roinnt lonnaitheoirí go Caisleán Bhaile Uí Áille (féach Cuffe 1841). Bhí an caisleán seo suite ar an taobh thuaidh de Loch Bhaile Uí Áille, atá ar abhainn an Fhorghais, ó thuaidh d'Inis, i mbarúntacht Bhun Raite Uachtarach. Rinne grúpa mór reibiliúnach léigear ar an áit i mí Feabhra 1642, ár dTadhg ina measc. Faightear cuntais ar an eachtra seo i roinnt teistíochtaí ó na lonnaitheoirí ina luaitear 'Teige mc Donnell Reagh mc Nemara of Garrnragh' (an Gharbhrach, is dócha), nó 'of Tuoghaghty' ('Tuath Eachtgha', is dócha), chomh maith lena dheartháir céile, 'Oliuer Delaide'.¹⁷ Lean an t-ionsaí seo ar aghaidh ar feadh seacht seachtaine agus níor éirigh leo an caisleán a ghabháil (Wiggins 2001: 74).

Thart ar an 15 Bealtaine 1642, d'ionsaigh grúpa reibiliúnach Caisleán Luimnigh, áit eile a raibh roinnt lonnaitheoirí ag lorg tearmainn ón gcoimhlint (M'Enery 1904: 163–87). Bhí na ceannaircigh seo faoi stiúir Garrett Barry. Faoin 23 Meitheamh, géilleadh an caisleán dóibh. Maíonn John Comyne i dteistíocht go raibh 'Teig mc Donnell Reagh mc Nemara of Tuahaghtie' sa ngrúpa a d'ionsaigh iad ar an 15 Bealtaine.¹⁸

Maíonn John Ward go raibh Mathew Hikes, Protastúnach Sasanach agus bairdéir a bhí lonnaithe i gCaisleán Thuaim Gréine (i mbarúntacht na Tulaí Uachtaraí), faoi léigear ar feadh tamall fada agus go raibh orthu an caisleán a ghéilleadh do Thadhg.¹⁹

Luaitear Tadhg i liosta athphlandóirí ar sannadh tailte dóibh sna 1650idí. Deirtear gur ordaíodh ar an 21 Meitheamh 1656 go bhfaigheadh Tadhg 400 acra agus gur deimhníodh an socrú seo ar an 6 Lúnasa 1656 (Gilbert 1899: 170). Luaitear go raibh 'Teige McDaniel Reagh McNamara' as 'Carrowreagh' i gContae an Chláir le haistriú go barúntacht na Búille i gCo. Ros Comáin agus gur sannadh 400 acra ann dó (Simington 1970: 260). Luaitear chomh maith go raibh a mháthair, 'Any McNamara, alias Bryan, widow of Daniel McNemara', le 644 acra i bhFiacail, i mbarúntacht na Tulaí Uachtaraí a fháil agus seans gurb ise an 'Ani McNamara' a raibh 222 acra i gCill Ó gCinnéide le dul chuici

¹⁵Seans gur leagan truaillithe eile é seo de *Tuath Eachtgha*; féach an fonóta roimhe seo.

¹⁶Teistíocht John Smith, 11 Deireadh Fómhair 1642, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 011r–012v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829011r010 (ceadaíodh 10 Iúil 2023).

¹⁷Teistíocht John Hawkins, 29 Deireadh Fómhair 1642, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 066r–067v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829066r047 (ceadaíodh 10 Iúil 2023); Teistíocht Andrew Chaplin, 12 Bealtaine 1643, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 095r–100v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829095r059 (ceadaíodh 10 Iúil 2023); Teistíocht Francis Bridgman, 21 Márta 1643, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 017r–018v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829017r014 (ceadaíodh 11 Iúil 2023). Luaitear Tadhg agus a dheartháir céile Oliver i dteistíocht Urias Reade, 12 Bealtaine 1643, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 028r–029v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829028r022 (ceadaíodh 10 Iúil 2023).

¹⁸Teistíocht John Comyne, 31 Bealtaine 1643, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 101r–102v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829101r060 (ceadaíodh 7 Lúnasa 2023).

¹⁹Teistíocht John Ward, 25 Aibreán 1643, 1641 Depositions, TCD, MS 829, ff. 080r–085v, ar líne: 1641.tcd.ie/index.php/deposition/?depID=829080r056 (ceadaíodh 10 Lúnasa 2023).

chomh maith (Simington 1970: 57). Sannadh 644 acra i bparóiste Chill Iníne Baoith, i mbarúntacht Inse Uí Chuinn do ‘Any McNemara, alias Bryan, widow of Daniel McNemara’ freisin (Simington 1970: 40). Seans gurbh í bean chéile Thaidhg an ‘Margaret Delahide, formerly of Co. Clare’ ar dáileadh 200 acra i mbaile fearainn na Tuláí ar an 31 Lúnasa 1657 di (Simington 1970: 55 agus Gilbert 1899: 131).

De réir cnuasach faoi Chlann Chuiléin a rinne Robert William Twigge (†1915),²⁰ coigistíodh tailte Thaidhg mar chuid den ‘Final Settlement’ agus bhí sé i ‘Leighort’ (An Liathghort) sa mbliain 1659 (LB LS Add. 39270, ginealach XVI). Ní ainmnítear Tadhg Mac Con Mara mar dhuine de na ‘tituladores’ sa Liathghort in Pender (1939), áfach. Luaitear roinnt daoine den ainm Tadhg Mac Con Mara sa daonáireamh sin: duine acu i nDúire agus duine i gCill Átha na Súileach i bparóiste Bhun Raite, duine eile fós i bparóiste na Tuláí i mbarúntacht na Tuláí Uachtaraí agus fear eile i gCill Bhaile Eoghain i bparóiste Mhaigh Fhearta (Pender 1939: 165–6, 170, 185). Ní féidir a bheith cinnte de gur duine acu sin ár dTadhgna. Deirtear i mbillí chúirt an státhchiste (atá ar fáil i dtras-scribhinn a rinne Twigge), go bhfuair máthair Thaidhg, Áine, bás sa mbliain 1665 (LB LS Add. 39264, f. 258), nó sa mbliain 1666 (*ibid.*, 257).

Bhí ar a laghad beirt mhac ag Tadhg, Domhnall agus Donnchadh (Leabharlann na Breataine, LS Add. 39270, ginealach XVI). Fuair Domhnall bás nuair a bhí Tadhg fós beo agus, mar sin, ba é Tadhg Óg, mac Dhomhnaill, oidhre Thaidhg an dáin seo (LB, LS Add. 39264, fóilió 250–1). Fuair Tadhg an dáin seo bás i mí an Mheithimh 1678, de réir ráitis i bPléadálacha na Seansaireachta ón mbliain 1679 a mhaireann i dtras-scribhinn a rinne Twigge (Leabharlann na Breataine, LS Add. 39264, fóilió 321). Maíonn John Bourke as cathair Luimnigh ‘that Teige son of Daniel Macnemara late of Leighort esq. by deed of 15 Dec 1674 for and in consideration of £120 paid by your Orator demised unto your Orator the quartermeer of Shanavallycrome part of Gortidun for 24 years from 1 Nov 1674 at a peppercorn rent yearly...’ agus gur ghlac Tadhg Óg, garmhac Thaidhg, leis an socrú seo. Deir sé go bhfuair Tadhg an dáin seo bás i mí an Mheithimh 1678 agus gur tháinig a gharmhac, Tadhg, agus gur chuir sé an ruaig ar na tionóntaí a bhí ar na tailte sin agus gur theastaigh uaidh na tailte seo a fháil ar ais. Maíonn Tadhg Óg, ina fhreagra ar an ráiteas seo, gur shocraigh a sheanathair, Tadhg, an léas seo a thabhairt do John Bourke ‘to rid himself of a suit of law’ le duine a raibh Bourke ina sheiceadóir dó agus go raibh Tadhg (an dáin seo) ‘old and decrepit and perplexed by pursuivants and sergeants at arms and unable to contest with anyone’ ag an am sin (Leabharlann na Breataine, LS Add. 39264, fóilió 321).

AN FILE

Chum Somhairle Mac an Bhaird ‘ó Thír Chonaill’ an dán seo. Is dócha gurb é seo Somhairle mac Fearghail Mhic an Bhaird, a bhí ag cumadh filíochta i lár

²⁰Leabharlann na Breataine, LS Add. 39259–39270: ‘Materials for a History of Clann-Cuiléin (the eastern division of county Clare), by Robert William Twigge, F.S.A. [d. 1915]’.

an seachtú haois déag. Seans gur mhac le hUilliam Óg (†1576) mac Chormaic (†1534) é an Fearghal seo (*AFM* iml. 5, 1684).²¹ Maireann dhá dhán eile le Somhairle Mac an Bhaird.²²

Chum ‘Somhairle mac Fearghail mac Uilliam Óig Mheic an Bhaird’ an marbhna *Neart gach tíre ar Thír Chonaill* d’Aodh Buidhe Ó Domhnall, fear a bhí gníomhach sa gcogadh a thosaigh sa mbliain 1641, de réir an dáin, agus a maraíodh i Loch Garman sa mbliain 1649. Tá an dán seo in eagar ag Eoin Mac Cárthaigh (1999).

Chum ‘Somhairle Mac an Bhaird’ an dán *Ní d’ainbhíos mealltar mac Seaáin* chomh maith d’Art Óg Ó Néill Chloinne Aodha Buidhe, a fuair bás sa mbliain 1677, agus dá bhean, Gráinne Ní Eadhra, a fuair bás sa mbliain 1679. Caithfidh gur cumadh an dán seo sa mbliain 1677 ar a dhéanaí, mar sin. Tá an dán seo foilsithe in Ó Donnchadha (1931: dán 38).

LÁMHSCRÍBHINNÍ

Maireann an dán seo i gcúig lámhscríbhinn.²³

C: Má Nuad CF 23, 224–5: Scríobh *Seán Ó Laochadh*, fear as Cúige Mumhan, an LS seo i mBaile Átha Cliath idir 1745 agus 1747 (Ó Fiannachta 1978: 101–5). Is cosúil go ndeachaigh an scríobhaí seo go Contae an Chláir nó go Contae Luimnigh ansin agus gur thug sé roinnt dá chuid LSí leis, an LS seo ina measc, agus gur scaipeadh ábhar na lámhscríbhinní ansin (féach Mac Cathmhaoil 2021: 72). Bhí an LS seo i gColáiste Cholmáin i Mainistir Fhear Maí go dtí gur bogadh cnuasach LSí an choláiste go hOllscoil Mhá Nuad in 2013.

H: ARÉ 23 H 25 (710), f. 19r: Ní fios cé a scríobh an lámhscríbhinn seo. Luaitear an bhliain 1783 inti agus tá barántas inti a bhaineann le Contae Chiarraí (*RIA Cat.* fasc. XVII, 2150). Tá stróic sa bpáipéar ar fhóilió 19 agus is deacair cuid den téacs atá thart air a dhéanamh amach. Ní féidir tús cuid de na línte a dhéanamh amach ar chor ar bith toisc go bhfuil cuid d’imeall clé an pháipéir scriosta. Is léir go ndearna duine éigin mioncheartúcháin in áiteanna sa LS seo níos déanaí, mar a thugtar le fios sna léamha. Tugtar téacs na LSe seo in *ABM* 75.

G: ARÉ 23 G 25 (258), 281–2 agus 327: Cnuasach de bhileoga fáin is ea an LS seo, a scríobhadh ag amanna éagsúla idir 1807 agus 1831 i gCo. Chorcaí. Scríobh Mícheál Óg Ó Longáin an formhór, agus feictear dom

²¹Deartháir le hEóghan Ruadh mac Uilliam Óig agus le hUilliam Óg mac Uilliam Óig ab ea Fearghal (athair Shomhairle an dáin seo), más fíor. Féach McGrath (1944: 111).

²²Is féidir na nascanna tánaisteacha a bhí ag an bhfile seo de dheasca na bpátrún a bhí aige a fheiceáil ar líne ag macmorris.maynoothuniversity.ie/Network?id=19 (ceadaíodh 1 Samhain 2024). Féach chomh maith an plé agus an anailís atá déanta ar ghréasáin phátrúnachta in Bourke agus Nic Chárthaigh (2023), ina léirítear go raibh gréasán mór pátrún ag muintir Mheic an Bhaird.

²³Féach go bhfuil an dán eile a cumadh do Thadhg, *Rug cabhair ar Chloinn gCoiléin*, i gcuid de na LSí céanna. Tá an dán sin i LS C (218–9), H (fóilió 18) agus M (353–6).

gur scríobh sé na leathanaigh a bhaineann le hábhar (*RIA Cat.* fasc. VI, 713, agus Ó Conchúir 1982: 93).

M: Má Nuad M8, 356–60: Scríobh Seán Ó Muláin (†1826) an lámhscríbhinn seo sa mbliain 1818. Scríobh sé í d’easpag Chorcaí, Seán Ó Murchú (1772–1847). Cara le Mícheál Óg Ó Longáin ab ea é, agus bhí siad ag obair le chéile ar thionscnamh na dtras-scríbhinní don Easpag Ó Murchú. Féach Ó Conchúir (1982: 165–6).

LNÉ G 99, 25: Tá meascra sa lámhscríbhinn seo. Mícheál Óg Ó Longáin a scríobh an formhór di idir 1787 agus 1835 (Ó Conchúir 1982: 91). Cnuasach de bhileoga fáin is ea é. Níl ach an chéad dá rann dár ndán sa lámhscríbhinn seo. Tá botún sa dara rann, mar a bhfuil líne 3c in áit líne 2c. ‘Samhoirle Mac an Bháird ó Thír Chonuill cct ar bhás Thaidhg Mic Conmhara isna Rannaibh’ a thugtar mar theideal ar an dán sa LS seo. Ar chúl an leathanaigh sin, scríobh Pól Ó Longáin an teideal ‘Cogthúighe Tuathmhúmhan’ i nGleann Maghair sa mbliain 1831.

An gaol idir na lámhscríbhinní

Níl ach fíorbheagán difríochtaí téacsúla idir na ceithre LS C, H, G agus M. Tá cúpla rud i LS H atá difriúil leis na LSí eile. Téann LSí C, G agus M le chéile i gcoinne H de ghnáth. Féach na samplaí thíos:

6d *timchioll* (CG) = *tímcholl* (M) = *timchiol* (H); 7a *torradh* (CGM) = *toradh* (H); 9a *ccíne* (C) = *ccíne* ceartaithe níos déanaí go *aíne* (G) = *ccine* (M) = *aíne* (H); 11b *shughach* (C) = *shúghach* (G) = *sughach* (M) = *shuthach* (H); 12a *tás* (C) = *tás* (G) = *tás* (M) = *tás* ceartaithe níos déanaí go *tús* (H); 13a *ttarladh* (CG) = *ttárladh* (M) = *ttárla* (H); 14c *an támso is fearr* (C) = *an támso is féarr* (G) = *an tamso is fearr* (M) = *an tam is fearr* (H); 17b *áil aithris* (CG) = *ail aithris* (M) = *áil daithris* (H); 22a *diath fuinidh* (CG) = *diath fuinnidh* (M) = *dfiath fhuinidh* (H); 31b *ras* (CG) = *rás* (M) = *rádh* (H); 34c *nainmn* (CGM) = *nainm* (H); 36a *aongois trein tírig* (C) = *aongois trein tírig* (G) = *aonguis trean tírig* (M) = *aonghois tréin tírigh* (H); 36d *seanmhaigh* (C) = *seanmháigh* (G) = *seanmháigh* (M) = *seanmhagh* (H); 39c *truaigh* (CG) = *truadh* (M) = *tráigh* (H).

Tugann na miondifríochtaí seo idir H agus C/G/M le fios gurb é is dóichí gur shíolraigh LSí G agus M ó C.²⁴

MODH EAGARTHÓIREACHTA

Muna dtugtar a mhalairt le fios, is ionann an t-eagrán i gcónaí agus leagan C, a roghnaíodh toisc gurb í an LS is sine í. Tugaim léamha ag bun an leathanaigh ó C agus H. Ní thugaim léamha ó LSí G ná M toisc nach bhfuil ach fíorbheagán

²⁴Mar fhianaise bhreise gur shíolraigh M ó C agus nár shíolraigh M ó H, féach go bhfuil 37 rann den dán *Rug cabhair ar Chloinn gCoiléin* (an dán eile do Thadhg) i LS H agus nach bhfuil i LS M nó C ach 36 rann den dán. Rann 32 atá in easnamh sna LSí sin.

difríochtaí eatarthu sin agus LS C agus go nglacaim leis go bhfuil siad síolraithe uathise.

- Scaoilim noda i gcló iodálach. Tá *e* ard scaoilte agam mar *ea* nó *e* de réir mar is cuí.
- Tá litreacha nach bhfuil sa LS curtha ar fáil agam idir lúibíní cearnacha.
- Is liomsa scaradh na bhfocal, suíomh sintí fada laistigh de shiollaí agus an phoncaíocht san eagrán.
- Tá sintí fada nach bhfuil sa LS curtha ar fáil agam le macrain.
- Cuirim macran ar fáil ar an défhoghar *eo* mura bhfuil síneadh fada air sa LS.
- Níl síneadh fada agam ar na focail neamhaiceanta *fa* (*fa* gan síneadh fada atá in C i ngach cás seachas 32d) agus *ler* (léamha LSe 37d *léir*).
- Níl gutaí gearra neamhaiceanta athraithe agam chun gutaí comhfhreag-racha i gcomhardadh a chur in ionannas, mar shampla 5cd *leagor* : *leagadh*; 7ab *toradh* : *fholmhughadh*.
- Cuirim litriú stairiúil ar fáil in *Cathbhaidh*, *céadfoidh* agus *foraonda* in áit *Cathfaidh*, *ceatfoidh* (léamh 29d), agus *foraonna* (léamh 33b).
- Tá na rudaí seo a leanas athraithe agam os íseal sa téacs, agus mar sin níl siad san áireamh sna léamha LSe ag bun an leathanaigh:
 - Déanaim normalú ar *cc-* > *gc-* agus ar *tt-* > *dt-*.
 - Tá sintí fada ar na défhoghair *ao*, *aoi*, *ua* agus *ia* bainte agam, seachas *eó*.
 - Má bhí *gh* sa LS in áit *dh* stairiúil, d'athraigh mé go *dh* é, mura raibh ach an *dh/gh* le hathrú, mar shampla *iomarcuigh* (19d, LS C) > *iomarcuidh* (eagrán).

I gcás athruithe eile nach luaitear thuas, tugaim an léamh ó LS C.

Maidir le léamha H, ní thugtar léamh más ceann acu seo a leanas an t-aon difríocht amháin atá ann idir H agus C: rud éigin a luaigh mé thuas a d'athróinn os íseal san eagrán; séimhiú a bheith ann nó as i lár focail nó ag a dheireadh; sleamhnóg a bheith ann nó in easnamh; difríocht le gutaí neamhaiceanta nach bhfuil fada i gcás *a(i)/o(i)/u(i)*, *ea/io*, nó *-i/-e*. I gcás athruithe eile, gheofar léamh ag bun an leathanaigh. Scaoilim noda na léamh i gcló iodálach. San áit a soláthraím léamh, ní thugaim ach an léamh ó LS C, muna bhfuil de dhifríocht idir C agus H ach síneadh fada ar dhéfhoghair nó noda nach bhfuil débhríoch.

MEADARACHT

Is i ndeibhí, dán díreach a cumadh an dán seo.

- Tá uaim curtha ar fáil agam i línte 3b, 8c, 11c, 12d, 14a, 14c, 15b, 29b, 32b, 33d, 37c agus 40d.
- Féach go bhfuil easpa bá (ceadaithe) i líne 14a, mar a bhfuil guta fada ag teacht i ndiaidh guta fada: *Gidh-bē* ó (Ní Domhnaill 1975: §59).

- Níl uaim ann i líne 31b, *tarra a thaidg ras gan aincheas* (leamha C 31b), agus ní thuigim an líne mar atá sna LSí. Tá sé seo athraithe agam go *tarfás, a Thaidhg, gan aincheas*, a dhéanann ciall sa rann agus a chuireann uaim ar fáil.
- Féach nach bhfuil *Con* sa sloinne *Mac Con Mara* ag glacadh páirte san uaim i líne 8b. Glacaim leis go bhfuil *Con* neamhaiceanta anseo. Feictear seo sa dán eile do Thadhg freisin (ABM 405, 16a agus 37a), agus i ndán le hEochaidh Ó hEódhusa (DMU 23.9a agus 19a) leis an sloinne *Mac Con Midhe*. Feictear go minic sa nGaeilge, nuair a bhíonn frása le dhá fhocal aitreabúideacha (ainmfhocal + ginideach / aidiacht), go mbíonn an t-aiceann ar an dara focal agus go bhfághtar an chéad chuid neamhaiceanta (féach Uhlich 2019: 20–7; 2022: 17). Léiríonn leaganacha Béarla de roinnt de shloinnte na Gaeilge an t-aistriú aicinn seo. Féach mar shampla *Ó Maoil Eachlainn* > litriú Angla-Normannach ‘Malathlin’ agus ‘Molethlin’ (Hoyne 2020: 60 n. 28), *Ó Maoil Domhnaigh* > ‘Muldowney’. Is dócha, mar sin, go bhfuil an file ag géilleadh d’fhuaimniú na cainte anseo agus ag caitheamh le *Con* mar a deirtear é. Ní ghlacfaí leis seo sna tráchtas, ach féach go nglactar le *mac* mar iarméarla uaireanta (Ó Máille 1945–7: 177–81; Ní Dhomhnaill 1975: 10–12; agus sampla sa dán seo i líne 29a). Réiteach eile ná comhfhocal a dhéanamh de *mac* agus *Con* chun uaim a chur ar fáil, ach níl comhfhocal den chineál seo feicthe agam in áit ar bith eile.²⁵
- Tá samplaí de chéilí cuibhis sa dán nach mar a chéile na gutaí iontu i siollaí comhfhreagracha le síneadh meánach. D’fhéadfaí *fhéthlainn* (6c) a athrú go *fhéthloinn* (: *trénchroinn*); [*bh*] *foghлумdha* (13b) a athrú go *bhfoghлamdha* (: *dtarla*); Éirinn (27d) a athrú go *Éir[e]inn* (: *éin[e]ing*); agus *d’f[h]íorfhoghloim* (29b) a athrú go *d’fhíorfhoghlaim* (: *D[h]omhnaill*).
- Féach go bhfuil *ainm* ann faoi dhó i líne 28c (: *ghairm* 28d). Tugann Ní Dhomhnaill ‘breacadh fire comhláin’ air seo (Ní Dhomhnaill 1975: 47).
- Déanann *anbhuaine* ag deireadh an dáin dúnadh ceart le *buaine* ag a thús.

TEANGA

Ainmfhocail

- Tá sampla neamhaiceanta den ainmfhocal *mac* (deimhnithe ag an uaim) i líne 29a: *Tugois, a Thaid[h]g m[h]eic D[h]omhnaill*. Ceadáítear seo i bhfilíocht na scol, féach Ní Dhomhnaill (1975: 10–11).
- Ní bheifí ag súil leis an gcomhfhocal *caithiolghoil* (leamha 39d) leis an réimír *iol-* i lár an fhocail. Tá sé seo ceartaithe agam go *caithiorghoil* ar mhaithe le ciall na líne. Féach samplaí eile de *caithiorghoil* in ABM 135.40d, 241.10b agus 21d.
- Tá foirm thabharthach nó áinsíoch in áit ainmneach ag *sgaith* i líne 5c. Ní hionadh é go mbeadh foirm áinsíoch/tabharthach in áit ainmnigh ag an bhfile sa seachtú haois déag.

²⁵Tá mé buíoch de Mhícheál Hoyne as an gceist seo a phlé liom.

- Tá infhillleadh ainmfhocal firinsneach sa tabharthach uatha i líne 22c deimhnithe ag an meadaracht: *san ló-so* (: *gró-sa*).
- Is cosúil go bhfuil *leath* (27d) mar fhoirm thabharthach (in áit *leith*) neamhchlasaiceach de réir na dtráchtas (*IGT* ii §31 agus §39), agus is fánach samplaí de *leath* mar thabharthach sa gcorpas (féach Mac Cárthaigh 2019: 92–3).
- Tá foirm infhillte (*eoin*, léamha 38c) ag an ainmfhocal firinsneach *éan* sa tuiseal gairmeach. Tá sé seo neamhchlasaiceach agus tá sé athraithe agam go *éan*. De réir na dtráchtas, ba chóir foirm an ainmnigh a úsáid i gcás ainmfhocal a úsáidtear go meafarach le duine a mholadh (*BST* 221.13–20; Bergin 1921–3: 93–4). Seans gur athraigh scríobhaí *a éan* go *a eoin* faoi thionchar *a uain* (38b) agus *a chinn* (38d), atá clasaiceach.
- Tá an fhoirm infhillte sa ngairmeach in *a bhailg* (38a) neamhchlasaiceach chomh maith (*balg* ‘an tsrotha’, baininsneach, *IGT* II §39 agus §158). I gcás ainmfhocail bhaininsneacha, ba chóir foirm an ainmnigh a úsáid i gcónaí sa ngairmeach (*ABP*, §132). Is léir, áfach, go raibh ainmfhocail bhaininsneacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan á n-infhillleadh sa tuiseal gairmeach ón 17ú haois, faoi thionchar ainmfhocail fhirinsneacha atá ar an gcuma chéanna (O’Rahilly 1921–3: 85). Thit an t-ainmfhocal seo isteach le *bolg/balg* ‘in duine agus an ghabhann’ (firinsneach, *IGT* II §69; *eDIL* s.v. 1 *bolg* agus 2 *bolg*; O’Rahilly 1942: 163–6), agus d’fhéadfaí a shamhlú go mbeadh *a bhailg* ag scríobhaí mar gheall air sin. Tugaim sochar an amhrais don fhile anseo, mar atá tugtha i gcás *a éan*, agus tá sé seo ceartaithe agam go *a bhalg*. Tá *a ēisg* (37c) athraithe agam go *a[n] ēisg* (ginideach uatha). Seans go raibh *a* le stríoc giorrúcháin do *n* in eiseamláir, óir féach go bhfuil *á* ag *H* in áit *a* (léamha 37c). Dá gcoinneofaí *a ēisg*, áfach, gairmeach meafarach infhillte (neamhchlasaiceach) eile a bheadh ann.
- D’fhéadfaí an *o* in *Cholainn* a athrú go *u* in ainm Chú Chulainn i línte 24b, 28b agus 33a, ach tá an *o* ann sa dá lámhscríbhinn síos tríd agus mar sin tá sé fágtha agam mar atá sé. Níl sé seo deimhnithe ag an meadaracht.

Briathra

- Tá séimhiú ar *f* tar éis na foirme coibhneasta den chopail san aimsir láithreach deimhnithe ag an uaim in *a[n] ēisg is f[h]earr* (37c) agus in *an t-am-so is f[h]earr* (14c), ag teacht le *BST* agus *IGT*. Tá easpa séimhithe ar *s*-tar éis foirm choibhneasta den aimsir láithreach den chopail atá deimhnithe ag an meadaracht in *gá crithri as síorghloine snas* (4c). Féach sampla eile d’easpa séimhithe deimhnithe ag an meadaracht i ndán eile le Somhairle Mac an Bhaird (Mac Cárthaigh 1999: 10c). Deirtear in *IGT* i gur cheart go mbeadh dishéimhiú sa gcás seo (*ABP* línte 561–4). Féach freisin *ABP* línte 870–4 agus *BST* 199.11.
- Bainim ciall na haimsire láithrí as an gcopail *arar in feadhna arar deacra dīdean* (10d) ar mhaithe le ciall an rainn. Is é *ara deacra* a bheadh ceart san aimsir láithreach de réir thráchtas na teanga clasaicí, áfach, agus *arar dheacra* san aimsir caite nó sa mhodh coinníollach (féach *BST* nóta

218.16–25). Níl sé athraithe agam toisc nach bhfuil go leor fianaise ann go mbeadh an fhoirm chlasaiceach ag an bhfile.

- D'fhéadfaí an fhoirm iarchlasaiceach den chopail san aimsir fháistineach *ba* (22c) a athrú go *budh*, féach go bhfuil *budh* ann sa chéad rann eile.
- Féach go bhfuil an foirceann neamhchlasaiceach *-air* in *gcanoir* (19a) don dara pearsa uatha san aimsir láithreach (féach *SnaG* IV, 396).
- Féach an fhoirm chéasta (chlasaiceach) *leagor* (5c), seachas *leagthar*. Ceadaítear foirmeacha céasta gan *-t(h)-* i mbriathra áirithe sa teanga chlasaiceach (féach *SnaG* IV, 398).

Athrú tosaigh ar lorg ainmfhocail

- **Ar lorg ainmneach uatha baininsneach:** Tá séimhiú ar lorg ainmneach uatha baininsneach i línte 1b, 7a, agus 34d agus cuirim séimhiú ar fáil i líne 16b. Is féidir an easpa séimhithe i líne 9a a mhíniú le sléagar (féach tuilleadh faoi shléagar thíos).
- **Ar lorg gairmeach uatha firinsneach:** Cuirim séimhiú ar fáil ar lorg gairmeach uatha firinsneach atá ar aon fhoirm leis an nginideach uatha (ginideach uatha firinsneach den chineál a shéimhíonn) i línte 21b agus 29a.
- **Sléagar:** Tá samplaí a chomhlíonann na riachtanais do shléagar sa dán seo. Mar shampla, d'fhéadfaí an séimhiú ar *chéimíonn*, a leanann ainmfhocail atá sa tuiséal áinsíoch in *gan leagadh chéimíonn gcādhais* (5d) a mhíniú le sléagar. Féach chomh maith na samplaí thíos d'easpa séimhithe ar lorg ginideach uatha firinsneach den chineál a shéimhíonn sa teanga chlasaiceach. Maidir le sléagar, féach Mac Cárthaigh (2015).
- **Ar lorg áinsíoch uatha:** Tá samplaí d'urú (línte 13c, 22d, agus 26b, mar shampla) agus d'easpa uraithe (línte 21a, agus 34a, mar shampla) tar éis ainmfhocail atá i suíomh áinsíoch uatha sa dán. Glacaim leis an dá rud ós rud é nach féidir a bheith cinnte cén cur chuige a bheadh ag file anseo sa seachtú haois déag. Tá séimhiú ar lorg ainmfhocail uatha baininsneach atá i suíomh áinsíoch le foirm ainmneach deimhnithe ag an uaim i líne 2a.
- **Ar lorg tabharthach uatha:** Tá séimhiú ar lorg ainmfhocail atá i suíomh tabharthach uatha i línte 11b, 13c, 26a, 26d (deimhnithe ag an uaim), 27b, 29d, agus 30a. Tá séimhiú curtha ar fáil agam in *d'iath f[h]uinidh* (22a), agus *'na ainm b[h]unuidh* (28c). Níl séimhiú ann ar lorg ainmfhocail i suíomh tabharthach uatha i líne 18c agus díséimhiú homorgánach i gceist ansin. Féach go leanann urú ainmfhocail atá faoi réir ag an réamhfhocail *go (n-): go ngráin ngleōidh* (33c). Féach samplaí eile de seo in *ABP* (lch 34) agus *Magauran* 1010 (agus nóta).
- **Ar lorg ginideach uatha:** Tá séimhiú ar lorg ginideach uatha firinsneach den chineál a shéimhíonn sa teanga chlasaiceach in *ghaisgidh ghníomharthuigh* (19b), *sgeóil-se Chon* (28b), *airm fhuiltig[h]* (31c – atá deimhnithe ag an uaim), agus *Éanda fhírbhreathuig[h]* (35b), agus tá séimhiú curtha ar fáil agam in *m[h]eic D[h]omhnaill* (29a) agus *d'ealta Cinn C[h]oradh* (38c). D'fhéadfaí an easpa séimhithe ar lorg ginideach uatha firinsneach den chineál a shéimhíonn in *Chú Choluinn clann Aodha*

(33a), agus *ua Cormaic Cais chreachoigh* (35a) a mhíniú mar shléagar nó mar chadad. Níl séimhiú ar lorg *Aonghois* in *ua Aong[h]ois trēin Tirig[h]* (36a), ná ar lorg *fhearoinn* in *an fhearoinn te* (37a) de bharr díséimhiú homorgánach. Tá urú neamhchlasaiceach sa LS ar lorg ginideach uatha firinsneach in *Chon gColuinn* (28b). Níl aon sampla eile de seo sa dán, mar sin tá an t-urú bainte agam.²⁶

- **Ar lorg ginideach iolra:** Tá urú ar lorg ginideach iolra i línte 1d, 5d, 15d, 27a agus 38d. Cuirim ceann ar fáil i líne 13b.
- **Ar lorg aidiachta:** Tá sampla sa dán d'urú stairiúil ar lorg an fhocail *arsuidh*, a bhí neodrach sa tSean-Ghaeilge: *arsuidh n-iomráidh* (17c). Féach *SnaG* IV §3.3.

Réamhfhocail

- Tá roinnt samplaí de shéimhiú ar lorg an réamhfhocail *ar* (línte 1d, 12a agus 28d, mar shampla), agus roinnt samplaí gan séimhiú (17a, 22c, agus deimhnithe ag uaim i líne 39a). Níl séimhiú curtha ar fáil agam ná bainte agam.
- Tá séimhiú ar lorg *gan* atá deimhnithe ag an meadaracht curtha ar fáil agam i línte 32b agus 40d, agus mar sin cuirim séimhiú ar fáil i líne 26b chomh maith: *gan c[h]uid*.
- Tá úsáid *le* ceart i línte 4a agus 13a, agus tá a úsáid chun gníomhaí briathair san fhaí chéasta a chur in iúl deimhnithe ag an gcomhardadh slán in 5cd *lais* : *gcādhais*. Tá *le* in áit a mbeifí ag súil le *re*, áfach, in *a ghiolla ler éisd Aoibheall* (37d, LSí léir).
- Tá úsáid *re* ceart i línte 36c agus 36d. Bheimis ag súil le *le* in áit *re* in *nach tráigh re ti[o]rmghoil* (39c) más é ‘does not evaporate because of boiling’ an chiall atá leis.
- **Forainmneacha Réamhfhoclacha:** Tá samplaí d'fhorainmneacha réamhfhoclacha le síneadh fada agus gan síneadh fada i LS C nach bhfuil deimhnithe ag an meadaracht agus glacaim leis an dá rud. Féach *do* (5a, 11a), *dhó* (8a), *de* (6a, 23a). Tá síneadh fada curtha ar fáil agam i gcás *dhō* (12c) le go ndéanfaidh sé comhardadh slán le *ró*. Féach Hoyne (2016: passim).

Eile

- In *Géag chumhra as tighe toradh / meinic é dā fholmhughadh* (7ab), tá an forainm sealbhach firinsneach uatha *dá* ag tagairt do *géag* (baininsneach) agus do Thadhg; tá sé seo ceadaithe toisc gurb ionann an ghéag agus Tadhg i dtaobh céille de. Tugtar inscne aircise air seo (féach McManus 1996, 176).
- Glacaim le *ró*- seachas *ro*- i líne 25b ós rud é go raibh *ró*- le fáil go forleathan sa bhfilíocht ón séú haois déag (Mac Cárthaigh 2002: 105).

²⁶Tugaim buntáiste an amhrais don fhile sa gcás seo, in ainneoin samplaí d'urú neamhchlasaiceach san ainm seo i bprós na linne (féach an t-urú neamhchlasaiceach ag Seathrún Céitinn in Dinneen 1908, líne 3477; Bergin 1930, scéal 5, líne 38, nóta).

TÉACS

Samhoirle Mac an Bhaird ó Thír Chonaill *cecinit*

- 1 Buaine i[o]nā a aois iomrádh Taidhg;
teisd ghnáth nac[h] éidir d'f[h]íorchailg
dar neam[h]ghoire a cládh dá cuing,
ar shealbhghloine a dhál ndioghuint.
- 2 Bíodh go bhfuigheadh aois fhoirfe,
tiocfa ceann a chríochnaighthe,
's ní théid sí a síorbhuaine ach[t] seal,
fiornuaidhe í i[o]nā a ainm-sean.
- 3 Air do shíor ní thabhoir trom
an barr aoisi dá n-aghonn;
ní chuir sgaith a óige as,
a gcaith is móide mharas.
- 4 Le Taidhg go hóg do hadhnadh
iomrádh arsuidh iodhanghlan –
gá crithri as síorghloine snas? –
drithle as bríoghmhoire bhēras.

AISTRIÚCHÁN

- 1 Taidhg's fame will last beyond his years, a constant fame which cannot be denied, a fame which will not be extinguished because of the great value of his plentiful bestowals.
- 2 Even should he reach a grand old age, his end will come, and [his age] will only last a time; it is truly less lasting than his fame.
- 3 Any additional years that he gets will never weigh him down; it does not change the best [achievements] of his youth; what he spends [on poetry] will last longer because of it.
- 4 [Though] young, Taidhg has kindled a mature pure fame – what flame has an eternally purer appearance? – a flame that will burn most brightly.

LÉAMHA

Ceannscríbhinn: bháird C, baird(?) ó(?) tír(?) chonaill(?) H; 1a. thaidg C, thaidhg H; 1b. téisd CH, nach éidir H; 1c. clódh CH, da a CH; 1d. dháil CH; 3b. dá a bhfaghonn CH; 3c. chúir CH; 4a. lé H; 4b. ársuidh CH, iodhanghlanadh C, iodhanghlanadh *arna athrú níos déanaí* go iodhanghlan H.

- 5 Ní guais do easgar d'fhagháil,
fearto féile a ionggabháil,
sgaith a réimionn leagor lais,
gan leagadh chéimionn gcádhaís.
- 6 Táirfe an céim-se, gan dol de,
nō go ria a gceann a chéile,
mar fhéithlainn fhuaighios fa fhiodh,
fa nuailios tréinchroinn timchiol.
- 7 Géag chumhra as tighe toradh
meinic é dā fholmhughadh;
a bhláth is biodhbha don fhiodh;
iomdha do chách 'ghā chaithiomh.
- 8 Gnás shíl Aodha is dú[th]chas dhó
ní thréig Tadhg Mac Con Maro,
sē 'na n-aiceacht 'gā f[h]éaghadh,
daighceart é dá n-uirléaghadh.
- 9 Taidhlidh meanma meic Áine
an tan-so a rún robháidhe,
raon a ghaoilshleachta ós é a am,
sē ag aoindeacra ní anann.

5 Suffering a downfall entails no peril for him, great generosity is his protection, he is laying down [a foundation of] the best of his actions, without abandoning honourable deeds.

6 This fame will grow, without going off course, until it goes all around, like a woodbine that winds around wood, around a strong wooden palisade.

7 A sweet-smelling branch most dense with fruit is often stripped bare; a tree's enemy is its flower; many people consume it.

8 Tadhg Mac Con Mara does not abandon Aodh's descendants' custom, which is his inheritance, he is being tested in their teaching, he is the right person to showcase them.

9 The high spirits of the son of Áine are now encountering his great generous intentions, since the time has come for the victory of his dynasty, he does not stop when encountering any difficulty.

5a. dó H, dfághoil C, dfágháil H; 5b. ionggabháil H; 5c. réimhion C, réimhionn H; 6a. céim so CH; 6c. fheithlainn C, fhéithlainn H; 6d. fá H, trenchainn C, trenchainn *arna athrú níos déanaí* go trenchrainn H, timchioll C; 7a. chúmhra CH, torradh C; 7c. as H; 7d. chach H, ghá H; 8a. shíol C, shíol H; 8b. taidg C, taidhg H, Mharo CH; 8c. sé H, naicceacht CH, fheaghadh H; 8d. daighceart H, huirleghádh CH; 9a. taiglidh C, ccíne *in áit* Áine C.

- 10 Do éisd a sgēala ō sgoloibh,
a gclú, a n-eineach anmomhoil,
fios eachtra is feadhma na bhfear,
feadhna arar deacra didean.
- 11 Buaidh gach iorghoile ag dul do,
d'eighreacht shuthach shil Aodha;
d'oirbheart na fréimhe féghoidh,
's réidhe a dtoirbheart taisbénaidh.
- 12 Ar shéan uaire téid ar tús –
dā thionnsnamh as é a iomthūs –
ó tharla dhō, mar dearar,
a ró anma d'f[h]oillsiughadh.
- 13 Dar leat, do thaoibh a dtarla,
do rádh feallsamh [bh]foghlumdha,
mar fhios n-amhra dā g[h]ruadh ghlan,
uair a tharbha do thionsnamh.
- 14 Gidh-bē ó n-uair [a] aithne,
taidhlidh – ní taom mearaighthe –
gan síordhoca an t-am-so is f[h]earr,
fíorm[h]olta an tann-sa a dtaidhleann.

10 He has listened to stories about them from schools [of poets], [of] their fame, their renowned generosity, accounts of the expeditions and fighting of the men, troops against which defence is most difficult.

11 He deserves victory in every battle, as the fruitful inheritance of Aodh's line; he looks to the prowess of that root, and he showcases the generosity of their offerings.

12 At an opportune time, he comes to the fore – it is the start of his career – since it has happened, as is said, that his great name has been made known.

13 One would think that his profitable hour has come because of all that has happened [and] because of the uttering of learned philosophers, like splendid knowledge to his pure cheek.

14 No matter who he has received his recognition from, make no mistake: he has found this best of times without difficulty; this is a most advisable time [to strike].

10a. ó H; 10d. didhean C; 11b. deighréacht H, shughach C; 11c. préimhe CH; 12a. tás C, tás *arna athrú níos déanaí* go tús H; 12c. tharladh C, tharla H; 13a. ttarladh C, ttarla H; 13b. fhóghlumdha H; 13d. thionnsnamh CH; 14a. bhfuair CH; 14b. taigli C, taighli H; 14c. siordhoca H, támso is C, tam is H; 14d. i an tann fá ttaighleann C, ian (*arna athrú níos déanaí* go an) tann fá ttaighleann H.

- 15 Fearr ionā gach am eile,
 an t-am-so uair d'áiridhe –
 fada a-non*n* aithrisdior air –
 fon*n* gclaichshlisdiogh [ó] gCrimhthain.
- 16 Aidhme an iomráidh san am-so
 gabhuidh – ní ciall c[h]odarsna –
 gríobh Aichle dan cosmhoil céim,
 cosnaidh dā aithle eiséin.
- 17 Fada ar cuimhne ag fearaibh fis
 gnaoi a bharamhla as áil aithris
 ar an tí as arsuidh n-iomráidh,
 casmhoil í mar eisiomláir.
- 18 Lá dá gcuala Cú Choloim*n*
 Cathbhuidh d'áinios uraghoill
 'na sgoil druadh dar ghlainlean gnaoi
 ag luadh airdhean an aonlaoi.
- 19 'Créad fa gcanoir, a Chathbhuidh?'
 ar Cú an ghaisgidh ghníomharthuigh.
 'A fhionnachtoin dob áil linn,
 dáigh nach iomarcuidh fhuighlim'.

15 This time is better than any other: [Tadhg] has certainly secured Criomhthan's descendants' land of the dense rocky margins; this will be spoken of for a long time.

16 The warrior of Aichill for whom status is befitting is now taking hold of the reins of fame – not an unfavourable idea – he wins it (the fame) afterwards.

17 The fame of the story and a desire to tell it, regarding the person whose fame goes back furthest in time, has long been recalled by learned men: it is appropriate as an exemplar.

18 One day Cú Chulainn heard Cathbhaidh speaking cheerfully in his long-renowned druidic school, talking about the characteristics of the one day [of fame].

19 'What do you speak of, Cathbhaidh?' said Cú [Chulainn] of the active valour. 'I desire to find out, if that is not too much to ask'.

15a. eile H; 15b. fuair CH; 15c. áirisdior CH; 15d. cclaichshlisttiogh CH; 16c. chosmhoil C; 17b. daithris H; 17c. an tí(?) <...> ársuidh H, ársuidh C; 17d. cosmhoil CH, múr C, mur H; 18a. <...> Chú choloinn H; 18b. cathfuidh CH; 18c. <...> il dr(?)adh H; 19a. <...> á ccanoir H, cathfuidh C, chathfuidh H; 19b. ghaisge CH; 19c. <...> chtoin H, áil H; 19d. doigh CH.

- 20 'Fiafruighim diot a dhamhna,
ó fuairsiom uain t'agallmha,
ó tãid sgēala an laoi *ar* ar leas,
draoi dom éara ní hoircheas'.
- 21 'An lá-so tar lá eile,
measoim, a m[h]eic Dheichtheine,
do réir mh'éoil, iolbhudha air;
na sgeoil g[h]rionnbhuana *greamaigh*'.
- 22 Gidh-bē ógmhac d'iath f[h]uinidh
g[h]abhus arm dā ionnsoighidh
san ló-so, ba buan ar bail
a luadh mun gcró-sa gCriomhthain.
- 23 'A shaoghal budh diombuan de,
ar Cathbhuidh, *ceann* na cléire;
'beō gach laoi a chlú, ní cheilim,
a-nú,' ar an draoi, 'deimhnighim.'
- 24 'Ōs deimhin a ndubhruis ruin,
a Chathbhuidh,' ar Cú Choluinn,
'rogha n-airm gēabhad im ghlaic,
is béarad ainm 'na éaraic.'

20 'I ask you about it, now that I have the opportunity to speak with you, since the story about the day would be beneficial for me, it is not right for a druid to refuse me'.

21 'Son of Deichthine, I consider this day, over any other day, according to my knowledge of it, to have great virtues; grasp these clear and lasting tidings.

22 Whichever young man of the land of the setting sun takes up arms to try his luck on this day, his fame will thrive forever around this enclosure of Criomhthan's.

23 'His life will be short-lived as a result,' said Cathbhaidh, the head of the entourage, 'I guarantee that his fame [will be] alive every day; I do not conceal it today,' said the druid.

24 'Since what you have said to me is a certainty, Cathbhaidh,' said Cú Chulainn, 'I will take up the choicest weaponry, and I will take fame in return'.

20a. <...>ghim H; 20b. o H; 20c. <...>ta<...> sgēala H; 20d. eara C, éarna *arna athrú níos déanaí go éara* H; 21a. <...>n lá <...>o *in áit* An lá-so H; 21b. deichthéine CH; 21c. do rei<...> H, mheaoil CH; 22a. <...>idh bé H, dfiath H, fhuinidh H; 22b. ghabhus H, ionsoighidh H; 22d. ccriomhthainn CH; 23a. haoghal C, haoghal *arna athrú níos déanaí go shaoghal* H; 23b. cathfuidh C, catfuidh H; 23c. beó H, chéilim H; 23d. aníú CH; 24a. ós H, déimhin CH; 24b. chathfuidh CH, Choiluin CH; 24c. iom CH; 24d. bearad *ar* ainm C, béarad *ar* ainm H, éiraic CH.

- 25 Gabhuidh sin *ar* séan uaire,
 rug an rogha as róbhuaine,
 arm laoich an lá-s[o]in 'na láimh,
 gur fhásoig[h] maoith an m[h]acáimh.
- 26 Tugsad a dtua[i]rgneadh threasa
 do ghnáth, gan c[h]uid gcoi[mh]measa,
 fa chlár seang bhféirdhílligh bhF[l]oinn,
 geall don éinmhílidh fhortoill.
- 27 Iomrádh Chon na gcleas gcalma,
 níor an san mhéid mheasardha;
 do chaoimhleath 's gach éin[e]ing as;
 ní ar aoinleath d'Éirinn anas.
- 28 Beag nach inmhead[h]a, is ē a shuim,
 bríogh an sgeóil-se Chon Coluinn,
 dar thuar ainm 'na ainm b[h]unuidh,
 red ghairm buan *ar* bharamhoil.
- 29 Tugois, a Thaid[h]g m[h]eic D[h]omhnaill,
 lá b[h]ur n-iomráidh d'f[h]íorfhoghloim,
 úidh do chréachtChoin chraoi Logha
 do bhaoi *ar* chéadfoidh Chathbhodha.

25 At a promising time, he made the most lasting choice, he took the weaponry of a warrior in his hands that day, so banishing the softness of the boy.

26 Throughout Flann's slender pleasant grassy plain, they have always acknowledged that the one strong soldier was the best in a grinding fight, without competition.

27 The fame of Cú [Chulainn] of the brave feats did not stay small; it spread sweetly to every single land as a result; it has not remained in only one half of Ireland.

28 To sum up the point of this story of Cú Chulainn, through which he earned lasting fame: it is eminently comparable with your eternal reputation.

29 On the day that you truly learned of your fame, Tadhg son of Domhnall, you turned your attention to bloody Cú [Chulainn] of Lugh's enclosure who was under the guidance of Cathbhaidh.

25d. mhacáimh H; 26b. chuid H; 26c. fá H, bhfeirdhillidh C, bhfeirdhíllidh H; 26d. éinmhílid H, fhoirtoill CH; 27b. méidh H, mheasardha C, measardha H; 28a. isé H, shuim CH; 28b. sgeoil so CH, ccolumn CH; 28c. dár CH, iona CH; 28d. redh C, rédh H, buain C, bhuain H; 29c. chreachtchoin CH; 29d. cheatfoidh chathfodha CH.

- 30 Fada as-teach ad thuinn mheanma,
 'na s[d]uidér áigh oirea[gh]dha,
 nar éag fós Cú na gcuradh
 's a chlú bhós ar beathughadh.
- 31 Dā ní ad dheaghuidh is mō meas,
 tarfás, a Thaidhg, gan aincheas,
 ar ghnás Chon an airm fhuiltig[h],
 sbairn is tol do thiodhluicthibh.
- 32 Rūn einigh Con na ceardcha
 tárrais gan f[h]áth n-imd[h]eargtha;
 air sin do-chóidh b[h]ur gcumus,
 far chóir ibh a n-ionunus.
- 33 A Chú Choluinn clann Aodha,
 a rún feithmheach forraonda,
 a dhraig confoidh go ngrāin ngleōidh,
 a bhāidh nach oghthoir d'aimhdheóin.
- 34 Mar shéad fine fúigfidh sibh
 ag síol Aodha, a fhlaith Luimnigh,
 b[h]ur n-ainm gach tráth gan teimhiol,
budh gairm ghnáth dā ngéillfidhear.

30 That Cú [Chulainn] of the warriors never died, as his fame lives on, is deep within your consciousness as a famous martial lesson.

31 Without a doubt, Tadhg, two things that are held in the greatest respect because of you, in the footsteps of Cú [Chulainn] of the bloody weaponry, are fighting and desire to [bestow] gifts.

32 Without embarrassment, you have attained skilful Cú [Chulainn]'s desire for honour; that is what you have exercised your skills to achieve, and what makes you comparable with him.

33 O Cú Chulainn of Aodh's descendants, o bold yet patient darling, o raging dragon, horrifying in combat, o affection that is not received begrudgingly.

34 O lord of Limerick, the heirloom you will leave Aodh's descendants will be your lasting flawless fame, a reputation which will enjoy universal acceptance.

30a. mheanmon CH; 30b. aith CH; 30c. écc CH; 30d. fa chlú C; 31a. dá H, mó H; 31b. tarra a thaidg ras gan aincheas C, tarra a thaidhg rádh gan aincheas H; 31c. choin CH; 31d. toil CH; 32a. rún H, éinig C, éinigh chon H, céardcha H; 32d. fār CH; 33a. chlann H, maodha C, maodha (*arna athrú níos déanaí go aodha*) H; 33b. foraonna C, forraonna H; 33c. chonfoidh H; 33d. bhāidh H, faghthoir CH; 34a. fúicfid C, fúicfidh H; 34b. síol H; 34c. ainmn C, tráith CH, teiomhiol C, teiomhiol *arna athrú níos déanaí go teimhiol* H; 34d. dá H.

- 35 A ua Cormaic Cais chreachoigh,
a ua Éanda fhírbhreathuig[h],
fir 's a ríoghbháidh re-roile,
a phríomhdháigh dhil Donnghoile.
- 36 A ua Aong[h]ois tréin Tírig[h],
'gar ghnáth cearda caithmhílidh,
a gheall re Fearg[h]al na bhfleadh
do thean[n] re seanmhagh Saingeal.
- 37 A ghriobh Eachtghe an fhearoinn te,
a bhreac lúith Locha Gréine,
a eō Sionna a[n] éisg is f[h]earr,
a ghiolla ler éisd Aoibheall.
- 38 A bhalg d'íochroibh an Fhorg[h]ais,
a uain Seaghsa sēghonng[h]lais,
a éan d'ealta Cinn C[h]oradh,
a chinn eachtra n-ealadhan.
- 39 A dhíon bhur bpréimhe ar pudhar,
a chladh timchill Tuadhmhumhan,
a fhíoch nach tráigh re ti[o]rmghoil,
a shíoth cháigh nō a gcaithiorghoil.

35 O descendant of plundering Cormac Cas and of Éanna of the true judgements, men who had royal affection for each other, o beloved great hope of Donnghal.

36 O descendant of strong Aonghus Tíreach, who was well practised in the skills of a warrior, o equivalent of Fearghal of the feasts who has closed upon the old plain of Singland.

37 O ferocious warrior of Aughty of the warm land, o vigorous trout of Lough Graney, o salmon of the Shannon of the best fish, o young man to whom Aoibheall listened.

38 O bubble of spawn of the [River] Fergus, o noble grey wave of the River Boyle, o bird of Kincora's flock, o leader of poetic expeditions.

39 O protector of your branch against harm, o embankment around Thomond, o [man of] fury which does not evaporate with boiling, o bearer of peace or war to all.

35c. ríoghbháidh H, réir oile CH; 35d. príobhdhoigh C, phríobhdhóigh H, dhonngoile H; 36a. tréin H; 36b. ghnath H; 36c. ré H; 36d. theann H, ré CH, seanmhaigh C, saingeal H; 37c. eó H, á éisg H; 37d. léir CH; 38a. bhailg CH; 38b. séghonnghlais H; 38c. eoin CH, chinn choradh H; 38d. eachtra na n-ealadhan CH; 39a. bur H; 39b. tuamhumhan *arna athrú níos déanaí go tuadhmhumhan* C; 39c. fhíoch H, truaigh C; 39d. nō H, ccaithiolgoil C, ccaithiol<.>o<.> H.

40 Gach aon dá aithne oroibh,
a mh[e]ic Áine ardbhlodhoigh,
gor léig cách breith a mbuaidhe
ad leith gan f[h]áth n-anbhuaíne.

40 It is recognised in you by all, o great famous son of Áine, that everyone has acknowledged that you surpass them all without dispute.

40b. oíne C, árdbhloodhoigh CH; 40c. euch CH, amuaighe H; 40d. leigh CH, fhath nanbhua<..> H.

NÓTAÍ

1c. An tuiscint atá agam ar an líne seo ná go bhfuil na haidiachtaí sealbhacha (*a* agus in *dá*) ag tagairt don *teisd* (1b). Ba litriúla, '[a fame] to which its leading astray from its duty is less near' (féach *eDIL* s.v. *clód* (b)), is é sin, comhlíonfaidh an clú a dhualgas agus mairfidh sé i bhfad. Réiteach eile ná go bhféadfaí an t-ainmfhocal *cuing* a thuiscint mar 'burden', mar thagairt ar ais don *aois* (1a), agus an t-aistriúchán litriúil a leanas a thabhairt ar an líne: '[a fame] to which its leading astray as a result of its burden [of years] is less near', is é sin, tá aois Thaidhg neamhbhuan ach ní chuirfidh sé sin as dá chlú.

2d. Ba litriúla 'it is truly younger than his fame' mar aistriúchán air seo.

6. Is minic a úsáidtear *féathlann* mar mheafar don laoch tacúil sa bhfilíocht. Féach mar shampla leathrann ó *IGT*, *Do íadh fan mBréithne barr Lí / an crann í 's an fhéithle é*, 'The prince of Lí closed in around Bréifne; she (that is Bréifne) the tree and the honeysuckle he' (*IGT* ii sampla 1958, aistriúchán McManus 2019: 166). Féach chomh maith samplaí eile ón séú haois déag: *Tú dob fhéathluinn d'iath Bhanbha / go bhfuair tú an t-ainm allmhardha*, 'Thou wert the sinew of *Banbha*'s land until thou didst get the outlandish title' (*TD* 22a.21ab); *Posd cothaighthe cland cColla, / sgoth rígh Lesa Liathdroma, / bas mhérchorr dhonn-mhálla dhil, / féthlonn connmhála chúigidh*, 'The pillar which sustains the Maguires, the choice of the kings of Lios Liathdroma, the strong steady dear roundfingered hand, the woodbine which maintains the province' (*DMU* 22.34).

7. Is minic a dhéantar comparáid idir pátrún agus crann torthúil sa bhfilíocht. Féach mar shampla an leathrann *crann mōr ar bpríomhchrann toraidh / Pilib conuir na cléire* (Carney 1950: 19.10cd); 'a great tree is our main fruit tree, Philip, path of the poets'.

8a. *Síol Aodha*: Ba shinsear de chuid mhuintir Mheic Chon Mara é Aodh Aghar mac Éanna. Féach ginealach Mheic Chon Mara in Ó Muraile (2003: 1344.1): 'Sioda Cam, Seaan, Lochluinn, agus Cú Meadha clann Mec Con mc Sioda mc Meic Con mc Conmeadha mc Mec Con mc Lochluinn mc Conmeadha Mhoir meic Nell mc Conmara mc Domhnuill mc Conmara, a quo an fine, meic

Domhnuill mc Meanmain *meic* Aodha Aghar (a quo Siol Aodha) mc Enna mc Aisioda mc Sioda an Ech Bhuidhe mc Maoilcluiche mc Cuilen (a quo Clann Chuilén) mc Urthuile (a quo Clann Urthuile) mc Donnghaile mc Eoguin mc Athlainn mc Feargail mc Cairthinn mc Caisine (a quo Uí Caisine) m. Cais m. Conaill Eachlúath m. Luighdeach Minn'. Féach freisin Ó Muraile (2003: 651.5 agus 1343.6).

8d. An tuiscint atá agam ar an líne seo ná go bhfuil *dá n-uirléaghadh* ag tagairt do *shíol Aodha*. Tá *h-* ar *uirléaghadh* (léamh LSí 8d) athraithe agam go *n-* toisc nach bhfuil ainmfhocal baininsneach sa rann a bhféadfadh forainm sealbhach baininsneach a bheith ag tagairt dó. Seans gurb é *n-* a bhí in eiseamláir. Rogha eile ná *dá uirléaghadh*, leis an bhforainm sealbhach ag tagairt do *aiceacht* (atá firinsneach). An chiall a bhainim as an rann ná gur dea-shampla é Tadhg de shainiúlacht a theaghlaigh agus go bhfuil sé ag taispeáint an chumais atá aige anois chun an dualgas sin a chomhlíonadh.

12cd. D'fhéadfaí 'since, as it is said, he has made his great name known' a thabhairt mar aistriúchán ar an leathrann seo chomh maith.

14. Nílím in ann ciall a bhaint as an rann seo mar atá sé sna LSí. Tá *taigli* (léamh 14b) athraithe agam go *taidhlidh* agus tá *an tann fá ttaighleann* (léamha 14d) athraithe agam go *an tann-sa a dtaidhleann* le go mbeidh ciall leis agus ar mhaithe leis an meadaracht (: *t-am-so*). D'fhéadfaí a shamhlú go léifeadh scríobhaí *f* in áit *s* agus go bhfaigheadh sé *fá* sa gcaoi sin (féach *f* in áit *s* ag LS C ag líne 30d chomh maith). Ba ghaire 'the time in which he finds [this] is most praiseworthy' don chiall litriúil a bhainim as líne d.

15. An tuiscint atá agam ar an rann seo ná gurb é Tadhg ainmní an bhriathair agus gurb é *fonn* cuspóir an bhriathair (féach go bhfuil urú ar *gclaichshlisdiogh* tar éis ainmfhocail i suíomh áinsíoch). Seans chomh maith, áfach, gurb é *fonn* ainmní an bhriathair. D'fhéadfaí an t-urú a bhaint de *gclaichshlisdiogh* agus an rann a aistriú mar 'The opportunity that Criomhthan's descendants' land of the dense rocky margins has received now is better than ever [and] will be spoken of for a long time' sa gcás sin.

16a. Ba litriúla 'implements' nó 'tools' mar aistriúchán ar *aidhme*. Féach *eDIL* s.v. *aidemm*.

16c. *gríobh Aichle*: Glacaim leis go bhfuil Aichill anseo ag déanamh tagartha don Scrín, atá achar gearr soir ó Theamhair. Ainm stairiúil ab ea 'Achall' (nó 'Aichill') ar an áit (*HDGP* fasc. 1, 24).

16d. D'fhéadfaí an t-aistriúchán 'it protects it afterwards' a thabhairt ar an líne seo chomh maith, ag tagairt don *iomrádh* agus don fhonn (rann 15); is é sin, cosnaíonn an t-iomrá an fonn tar éis sin.

18c. *dar ghlainlean gnaoi*: Ba litriúla 'to which fame clearly adhered' mar aistriúchán air seo.

20d. *éara*: Glacaim le léamh H *éara* anseo ar mhaithe le ciall na líne agus leis an meadaracht (: *sgēala*). Seans maith go raibh síneadh fada ar an *e* in eiseamláir agus gur léigh scríobhaí C stríoc giorrúcháin do *n*.

22a. *d'íath f[h]uinidh:* Is é sin, d'Éirinn.

25d. An tuiscint atá agam ar an líne seo ná gur tháinig Cú Chulainn in aois fir.

26cd. Leanaím *ABM* anseo le *bhF[l]oinn* : *fhortoill* ach, mar rogha air sin, d'fhéadfaí *bhfoinn* agus *fhoirtoill* na LSe a athrú go *bhFinn* : *fhoirtill*.

27b. Seans gurbh é *mheidh* (tuisseal ainmneach: *meadh*) a bhí i gceist ag an bhfile anseo in áit *mhéid*. Féach go bhfuil *meadh* i rann 28, agus tá roinnt macallaí sa dán seo. B'fhéidir go raibh athrá anseo chomh maith.

27d. Is é sin, níor fhan clú Chú Chulainn i Leath Chuinn, scaip sé trí Leath Mhogha freisin.

30b. Ní thuigim *suidér* na LSe anseo. Glacaim leis gurbh é *s[d]uidéir* a bhí i gceist ag an bhfile. Féach na tagairtí don fhoghlaím agus don aiceacht sna rainn eile.

31b. Is léir go bhfuil léamha na LSí don líne seo lochtach. Ní thuigim an líne agus níl uaim ann ach oiread. Seans go ndearna an scríobhaí drochléamh ar an líne seo agus gur bogadh rudaí thart. Tá sé seo athraithe agam go *tarfás, a Thaidhg, gan aincheas*. Ní féidir a bheith cinnte faoi seo ach ní fheicim réiteach ar bith eile air.

32a. Ba litriúla 'Cú of the smithy' mar aistriúchán ar *Con na ceardcha* (*eDIL* s.v. *cerdchae*). Is minic a chuirtear an buafhocal seo le hainm Chú Chulainn sa bhfilíocht.

33–9. Pléitear úsáid sraitheanna buafhocal meafarach sa ngairmeach le pátrúin a mholadh i bhfilíocht na scol in Breatnach (1997: 65–96). Féach, mar shampla, na rainn i dtreo dheireadh na ndánta seo le Fearghal Óg Mac an Bhaird: *Lubhghort fineamhna fuil Ír* (Ó Macháin 1988: dán V 66–75) agus *Cia rér fháiltigh Inis Fáil?* (Carney 1950: XIX 27–39). Mar atá ráite ag Breatnach (1997: 87–8), is gnáth go dtagann deireadh leis an tsraith bhuafhoclach roimh dheireadh an dáin agus go bhfilleann an file ar ainm nó ar shloinne an phátrúin. Tagann an dán seo leis an méid sin, óir féach go bhfuil '*a mh[e]ic Áine*' ag an bhfile i rann 40 tar éis dheireadh an ghléis bhuafhoclach.

33d. Is é sin, 'who bestows affection freely'.

35a. *Cormac Cas:* Mac le hOilill Ólom, duine de shinsir Dhál gCais.

35b. *Éanna:* Is dócha gurb é Éanna, athair an Aodha ónar tháinig Siol Aodha (féach 8a nóta, thuas), atá i gceist anseo.

35d. *Donnghal:* Is dócha gurb é Donnghal, seanathair Chuiléin, ónar tháinig ainm an teaghlaigh 'Clann Chuiléin', atá i gceist ag an bhfile anseo (Ó Muraíle 2003: 651.5).

36a. *Aonghus Tíreach:* B'ua le Cormac Cas mac Oilealla Óluim é Aonghas Tíreach. Féach an cur síos ar chraobh Dhál gCais in Ó Muraíle (2003: 637.1): 'Cas, da ngoirthi Mac Tail tre a bheth 'na dhalta saoir (mac Conaill Eachluaith

mc Luigdeach Mind mc Aonghusa Tirigh mc Fhir Chuirb mc Mogha Cuirb mc Cormaic Caiss mc Oilealla Óluim...’

36c. *Fearghal*: Is dócha gurb é Fearghal mac Chárthainn mhic Chaisín atá i gceist (féach Ó Muraile 2003: 651.5).

36d. *Saingéal*: Tá an baile fearainn seo i bparóiste Phádraig, i mbarúntacht Chlann Liam in oirthear chathair Luimnigh. Féach *Onom.* s.n. *saingel* agus ‘Saingéal/Singland’ ar líne ag www.logainm.ie.

37a. *Eachtghe*: Tá Sliabh Eachtaí ar an teorainn idir Contae an Chláir (paróiste na Fiacaile) agus Contae na Gaillimhe. Ba sheanainm é Eachtgha ar an gceantar thart ar Shliabh Eachtaí chomh maith (*HDGP* fasc. 9, 7–9).

37b. *Loch Gréine*: Paróiste na Fiacaile, Barúntacht na Tuláí Uachtaraí.

37d. *Aoibheall*: Bandia a bhaineann le hoirthear Cho. an Chláir.

38a. Féach tagairt eile do *bhailg d’iochraibh* i ndán le Giolla Brighde Mac Con Midhe: *Bradán as gach bailg don iuchraidh* ‘a salmon from every roecorn’ (Williams 1980: 19.4a).

38b. *Seaghais*: Sean-ainm ar abhainn na Búille is ea *Seaghais* (féach *Onom.* s.n. ‘segais’, Carney 1950: 307).

38c. Bhí a phríomháras ag Brian Bóroimhe i gCeann Coradh agus is oiriúnach an tagairt don áit sa dán áirithe seo os rud é gur Bhrianach mná í máthair Thaidhg. Is cnoc é Ceann Coradh atá lonnaithe i bparóiste Chill Dalua anois, i mbarúntacht na Tuláí Íochtraí.

38d. Seans gurb é ‘ceann scríbe’ atá i gceist ag an bhfile anseo, seachas ‘ceann-asáí’.

39c. Faightear íomhá de theas fhearg Chú Chulainn sa Táin. Deirtear gur cuireadh Cú Chulainn i dtrí dhabhach uisce fhuair de bharr na deargbhuile a bhí air. Féach *TBC LL*, línte 1193–8 agus Henry (1982: 236).

40cd. Is é ‘that everyone has conceded to you the winning of their victory without dispute’ an tuiscint litriúil a bhainim as línte 40cd.

GIORRÚCHÁIN

<i>ABP</i>	Eoin Mac Cárthaigh (ed.), <i>The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I</i> (Dublin, 2014).
<i>BST</i>	Lambert McKenna (ed.), <i>Bardic Syntactical Tracts</i> (Dublin 1944; reprint 1979).
<i>DMU</i>	David Greene (ed.), <i>Duanaire Mhéig Uidhir: The Poembook of Cú Chonnacht Mág Uidhir, Lord of Fermanagh, 1566–1589, Edited from the Copenhagen Manuscript</i> (Dublin, 1972).
<i>Fiants</i>	<i>The Irish Fiants of the Tudor Sovereigns</i> , vol. 2: 1558–1586 (Dublin, 1994).

- HDGP Pádraig Ó Riain, Diarmuid Ó Murchadha, Emma Nic Cárthaigh and Kevin Murray, *Historical Dictionary of Gaelic Placenames / Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge*, fasc. 1–9 (London, 2003–24).
- LCLAB Tadhg Ó Donnchadha (eag.), *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* (Baile Átha Cliath, 1931).
- Magauran Lambert McKenna (ed.), *The Book of Magauran: Leabhar Méig Shamhradháin* (Dublin, 1947).
- Onom. Edmund Hogan, *Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae: An Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes* (Dublin, 1910), agus ar líne: <https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/onomasticon-goedelicum/>.
- RGH Parthalán Mac Aogáin (ed.), ‘Rudimenta Grammaticae Hibernicae’, *Graiméir Ghaeilge na mBráthar Mionúir* (Baile Átha Cliath, 1931), 3–106.
- RIA Cat. O’Rahilly, T. F., Mulchrone, K. et al., *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy* (Dublin and London, 1926–70).
- TD Eleanor Knott (ed.), *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591)*, 2 imleabhar, ITS 22, 23 (London 1922; 1926).

LEABHARLIOSTA

- BERGIN, O. 1921–3: ‘Nominative and vocative’, *Ériu* 9, 92–4.
- , 1930: *Sgéalaigheacht Chéitinn: Stories from Keating’s History of Ireland* (Dublin).
- BOURKE, E., and NIC CHÁRTHAIGH, D. 2023: ‘Patronage networks in Gaelic Ireland ca. 1541–ca. 1660’, *Renaissance Quarterly* 76/3, 938–79.
- BREATNACH, P. A. 1997: *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge* (Maigh Nuad).
- BREEN, M. 2013: ‘The 1626 rental of Thomond property’, *North Munster Anti-quarian Journal* 53, 193–205.
- CARNEY, J. 1945: *Poems on the Butlers of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400–1650)* (Dublin).
- , 1950: *Poems on the O’Reillys* (Dublin).
- CUFFE, M. 1841: ‘The siege of Ballyally Castle, in the County of Clare’ in T. C. Croker (ed.), *Narratives Illustrative of the Contests in Ireland in 1641 and 1690* (London), 1–23.
- DINNEEN, P. S. 1908: *Foras Feasa ar Éirinn: The History of Ireland by Geoffrey Keating*, vol. 2, ITS 8 (London).
- FORD, P. K. 1994: ‘The idea of everlasting fame in the Táin’, in J. P. Mallory and G. Stockman (eds), *Ulidia: Proceedings of the First International Conference on the Ulster Cycle of Tales, Belfast and Emain Macha, 8–12 April 1994* (Belfast), 255–61.
- FROST, J. 1893: *The History and Topography of the County of Clare from the Earliest Times to the Beginning of the 18th Century* (Dublin).
- GILBERT, J. T. 1899: *The Manuscripts of the Marquis of Ormonde, Preserved at the Castle, Kilkenny (Volume II)* (London).
- HENRY, P. L. 1982: ‘Furor Heroicus’, *ZCP* 39, 235–42.

- HOYNE, M. 2016: 'On stressed monosyllables ending in a short vowel in Classical Modern Irish', *Celtica* 28, 186–200.
- , 2020: 'The assassination of Mág Raghnaill and the capture of his ship in 1502', *Studia Hibernica* 46/1, 53–66.
- M'ENERY, M. J. 1904: 'A diary of the siege of Limerick Castle, 1642', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 34/2, 163–87.
- MAC CÁRTHAIGH, E. 1999: 'Marbhna ar Aodh Buidhe Ó Domhnaill (1649)', *Ériu* 50, 41–78.
- , 2002: 'Dia libh, a uaisle Éireann (1641)', *Ériu* 52, 89–121.
- , 2015: 'Sléagar agus "Genitives lenited in special circumstances" i bhfilíocht na scol', in C. Breatnach agus M. Ní Úrdail (eag.), *Aon don Éigse: Essays Marking Osborn Bergin's Centenary Lecture on Bardic Poetry (1912)* (Dublin), 239–45.
- , 2019: 'Gofraidh Óg Mac an Bhaird cecinit: 4. Do toirneadh ceannas chlann gCuinn', *Ériu* 69, 81–125.
- MAC CATHMAOIL, N. 2021: 'An scéalaíocht agus na lámhscríbhinní sa tréimhse mhall: gnéithe de sheachadadh *Mac na Míchomhairle*', *Scríobhaithe an Tuaiscirt, 1650–1900: Léachtaí Cholm Cille* 51, 59–81.
- MACNAMARA, N. C. 1896: *The Story of an Irish Sept: Their Character & Struggle to Maintain Their Lands in Clare* (London).
- MCGRATH, C. 1944: 'Eoghan Ruadh mac Uilliam Óig Mhic an Bhaird', in S. O'Brien (ed.), *Measgra i gCuimhne Mhichíl Uí Chléirigh* (Dublin), 108–16.
- MCINERNEY, L. 2010: 'A sixteenth century bardic poem composed for Seán Mac Conmara, Lord of West "Clann Chuiléin"', *Seanchas Ard Mhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*, 23/1, 33–56.
- , 2014: 'A fourteenth-century poem on the Meic Conmara lords of Clann Chuiléin', *Studia Hibernica* 40, 35–69.
- MCMANUS, D. 1996: 'Classical Modern Irish', in K. McCone agus K. Simms (eag.), *Progress in Medieval Irish Studies* (Maynooth), 165–87.
- , 2008 'Niall Frosach's "act of truth": a Bardic apologue in a poem for Sir Nicholas Walsh, Chief Justice of the Common Pleas (†1615)', *Ériu* 58, 133–68.
- , 2013: 'Surnames and scions: adjectival qualification of Christian names and cognomina in classical Irish poetry', *Ériu* 63, 117–43.
- , 2019: 'Early Modern Irish miscellanea', *Ériu* 69, 155–70.
- NÍ DHOMHNAILL, C. 1975: *Duanaireacht* (Baile Átha Cliath).
- O'BRIEN, D. 1949: *History of the O'Briens from Brian Boroimhe, AD. 1000 to AD. 1945*. (London).
- Ó CONCHÚIR, B. 1982: *Scríobhaithe Chorcaí, 1700–1850* (Baile Átha Cliath).
- Ó DONNCHADHA, T. (eag.), 1931: *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* (Baile Átha Cliath).
- Ó FIANNACHTA, P. 1978: *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge: Leabharlanna na Cléire agus Mionchnuasaigh* (Baile Átha Cliath).
- Ó MACHÁIN, P. 1988: 'Poems by Fearghal Óg Mac an Bhaird', unpublished PhD thesis, University of Edinburgh.
- Ó MÁILLE, T. 1945–7: 'Metrica', *Éigse* 5, 177–85.

- O'MOLLONY, C. 1671: *Anatomicum examen, Inchiridii Apologettici, seu Famosi cuiusdam libelli, a Thoma Carve (verius Carrano) sacerdote Hiberni furtive publicati, quo Carrani imposturae, & calumniae religiose resutantur* (Prague).
- Ó MURAÍLE, N. 2003: *Leabhar Mór na nGenealach: The Great Book of Irish Genealogies* (Dublin).
- O'RAHILLY, T. F. 1921–3: 'The vocative in Modern Irish', *Ériu* 9, 85–91.
- , 1942: 'Notes, mainly etymological', *Ériu* 13, 144–219.
- PENDER, S. 1939: *A Census of Ireland, circa 1659 with Supplementary Material from the Poll Money Ordinances* (Dublin).
- , 1951: 'The O Clery book of genealogies: 23 D 17 (R.I.A.)', *Analecta Hibernica* 18, i–xxxiv, 1–198.
- RUSSELL, C. W., and PRENDERGAST, J. P. (eds.) 1874: *Calendar of the State Papers Relating to Ireland Preserved in the Public Record Office: 1608–1610* (London).
- SIMINGTON, R. (introduction) and MAC GIOLLA CHOILLE, B. (index), 1967: *Books of Survey and Distribution, Being Abstracts of Various Surveys and Instruments of Title, 1636–1703*, vol. IV County of Clare (Dublin).
- SIMINGTON, R. 1970: *The Transplantation to Connacht 1654–1658* (Shannon).
- TREADWELL, V. 1960: 'The Irish court of wards under James I', *Irish Historical Studies* 12/45, 1–27.
- UHLICH, J. 2019: 'Loch nEchach n-án: Nasalierungsübertragung in den altirischen Glossen und späteren Quellen', in: C. Breatnach, M. Ní Úrdail, agus G. Ó Riain (eag), *Lorg na Leabhar: A Festschrift for Pádraig A. Breatnach* (Baile Átha Cliath), 13–38.
- , 2022: 'When did *nd* become *nn* in which Early Irish environments?', *Ériu* 72, 1–32.
- WESTROPP, T. J. 1890: 'Notes on the Sheriffs of County Clare, 1570–1700', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 1, 68–80.
- WIGGINS, K. 2001: *Anatomy of a Siege: King John's Castle, Limerick, 1642* (Wicklow).
- WILLIAMS, N. J. A. 1980: *The Poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe*, ITS 51 (London).

CIARA NÍ MHURCHÚ

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath